

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide

Eagrán 3

2025

Clár na nÁbhar

Achoimre Feidhmiúcháin	4
Réamhrá	5
Ár nDaoine	7
Rialachas	8
Bord BOOÁC DL	8
Seaimpín Aeráide & Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh BOOÁC DL	9
Foireann Ghlas BOOÁC DL	9
Coistí Fuinnimh/Foírne Glasa	10
Ceannoifig	10
Oideachais	10
ÚFIÉ	11
Rannpháirtíocht agus Oiliúint	11
Ár Spriocanna	13
Monatóireacht agus Tuairisciú	13
Dul Chun Cinn Go dtí seo agus Bearna go Sprioc	14
BOOÁC DL Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide	17
Ár Modh Oibre	19
Soláthar Poiblí Glas	19
Bainistíocht Fuinnimh agus Comhshaoil	19
Úsáid Acmhainní	20
Foirgnimh agus Feithiclí	22
Foirgnimh	22
Sonraí Eastáit	23
Deimhniú Fuinnimh Taispeána	23
Foirgnimh Nua	23
Foirgnimh ar Léas	24
Feithiclí & Iompar	24
Tionscadail	25
Dúshlán	25
Ceannoifig	25
Ionaid Oiliúna	26
Ionad Oiliúna Thamhlachta	26
Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin	26
Ionad Oiliúna Bhaile Dúill	27
Iniúchtaí Fuinnimh	27

Aisfheistithe	28
Tionscadail Dícharbónaithe.....	28
Rialuithe Uathobrithe Foirgnimh	29
Fuinneamh In-athnuaite	29
Bithmhais	30
FV Gréine.....	30
Méadair Chliste	30
Scéim Oibreacha Samhraidh Gníomhaithe ar son na hAeráide (SOSGA)	31
Ciste Glas Cineachta um Breisoideachas agus Oiliúint.....	31
Coláiste na Todhchaí	32
Conclúid	33
Aguisín A. SAINORDÚ UM GHNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE BOOÁCDL.....	34
Aguisín B. Éifeachtúlacht Fuinnimh go dtí 2050 Bearna go Sprioc Réamh-mheasta	37
Saothair Luaite	38

Tábla na bhFíoracha: UASDÁTÚ

Fíor 1. Léarscáil de Réigiún BOOÁCDL.....	6
Fíor 2. Ár nUimhreacha.....	6
Fíor 3. Struchtúr Eagraíochta BOOÁCDL.....	7
Fíor 4. Struchtúr Eagraíochta Glaise BOOÁCDL.....	8
Fíor 5. Spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide	13
Fíor 6. Sonraí BOOÁCDL 2024 a thaispeánann tionchar na dtionscadal agus na dtionscnamh atá beartaithe agus an bhearna go sprioc mar thoradh air sin.....	15
Fíor 7. Cairt sonraí sprice CO2 iomlán BOOÁCDL 2024 go 2030.	16
Fíor 8. Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide BOOÁCDL ar an leathanach eile	17
Fíor 9. Méid Priontála BOOÁCDL.....	21

Rialú Doiciméad

Uimhir Leagain agus Dáta Eisiúna	Athbhreithnithe	Dréachtaithe ag	Athbhreithnithe ag
Dréacht 29.11.23		C. O'Sullivan	
Athbhreithniú 1 20.12.23	Sonraí Nuashonraithe. Eagarthóireacht Ghinearálta	C. O'Sullivan	R. Lynam
Eagrán 2 20.09.2024	Athbhreithniú 2024	C. O'Sullivan	
Eagrán 3 15.10.25	Athbhreithniú 2025	COS/AJ	COS

Achoimre Feidhmiúcháin

Tugtar sa doiciméad seo forbhreathnú ar spriocanna agus treochlár don ghníomhú ar son na haeráide go dtí 2030 agus i dtreo 2050 de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL). Seo an tríú heagrán de Threochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide BOOÁCDL agus leanfar de bheith á nuashonrú go bliantúil i gcomhréir le beartais agus spriocanna an rialtais. Tá sé mar aidhm ann an dul chun cinn go dtí seo a léiriú, bearnaí go spriocanna a aithint agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Is é gníomhú ar son na haeráide an dúshlán domhanda fadtéarmach is práinní lenár linn. Tá BOOÁCDL tiomanta d'oidéachas a chur ar fhoireann agus ar fhoghlaimoirí maidir lenár bhfreagrachtaí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht agus treoir a sholáthar maidir le conas na spriocanna riachtanacha do 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tá na spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide seo absalóideach, agus ardaíonn sé seo an caighdeán níos airde agus méadaíonn sé méid an dúshláin (Straitéis Ghníomhaithe ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2023 - 2025 2023).

Chomh maith le forbhreathnú a thabhairt ar spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide BOOÁCDL, leagtar amach sa doiciméad seo struchtúir rialachais agus modhanna oibre BOOÁCDL, déantar cur síos ar na gníomhartha a rinneadh go dtí seo, bearnaí go spriocanna, agus cuirtear plean i láthair chun na spriocanna aeráide riachtanacha a bhaint amach. Déanfar monatóireacht agus tuairisciú ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach in eagrán den doiciméad seo amach anseo. Tá BOOÁCDL, le tacaíocht ó Fhoireann Ghlas BOOÁCDL, tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, dícharbónú a mhéadú, Gáis Ceaptha Teasa (GCT) a laghdú agus réitigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an athrú aeráide ar fud na heagraíochta.

Réamhrá

Gan amhras, tá an t-athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an nglúin reatha. Beidh ról ceannaireachta ag an earnáil phoiblí maidir le gníomhú fairsing aeráide a bhrú chun cinn ina cuid foirgneamh, iompair, dramhaíola agus úsáide fuinnimh, chomh maith leis an tsochaí i gcoitinne. Áireofar leis seo laghdú 51% ar astaíochtaí roimh 2030 agus feabhsú éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go 50% roimh 2030, chomh maith le feasacht aeráide a mhéadú san earnáil phoiblí, soláthar poiblí glas a chur i bhfeidhm agus foirgnimh san earnáil phoiblí a aisfheistiú (Treochlár Teicniúil na hEarnála Scoile don Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 go 2030. An tAistriú go Neodracht Carbóin a Dhéanamh inár Scoileanna 2023).

Cuireann BOOÁC DL réimse leathan clár oideachais agus oiliúna, seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún BOOÁC DL, na trí cheantar comhairle contae Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin san áireamh. De réir na sonraí luatha ó Dhaonáireamh 2022, tá daonra iomlán ár réigiúin os cionn 860,000, rud a léiríonn beagnach 17% de dhaonra náisiúnta Phoblacht na hÉireann (Ráiteas Straitéise BOOÁC DL 2020-2026 2020).



100+ suíomh ar fud
Fhine Gall, Bhaile
Átha Cliath Theas &
Dhún Laoghaire
Ráth an Dúin



Foghlaimoirí
ar feadh an
tsaoil ó 4 go
94 bliain d'aois




Foireann
teagaisc, oiliúna
agus tacaíochta
lánaimseartha &
páirtaimseartha


Is é misean BOOÁC DL cláir, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna ábhartha, ionchuimsitheacha agus ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimoirí, ár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara. Tá scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí BOOÁC DL lonnaithe ar fud ár gceantair (Ráiteas Straitéise BOOÁC DL 2020-2026 2020).

Tá BOOÁC DL freagrach faoi láthair as: 12 Bhunscoil agus Scoil Speisialta, 31 Meánscoil, 22 Ionad Breisoideachais agus Ionad Oiliúna, 10 halla spóirt, 8 nIonad Ógtheagmhála agus Ceannoifig amháin.

LÉARSCÁIL DE RÉIGIÚN BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE




Fíor 1. Léarscáil de Réigiún BOOÁCDL




Fíor 2. Ár nUimhreacha

Ár nDaoine



Fíor 3. Struchtúr Eagraíochta BOOÁCDL



Fíor 4. Struchtúr Eagraíochta Glaise BOOÁCDL.

Aithníonn an ciorcal seachtrach an pearsanra ceaptha atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe agus straitéisí a chur i bhfeidhm chun carbóin a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ar fud BOOÁCDL. I gcoilár an struchtúir tá modhanna oibre, réimsí fócais agus beartais BOOÁCDL chun cabhrú le hoibriú i dtreo eagraíocht níos glaise. Tá an struchtúr seo bunaithe ar ár scoileanna agus ár n-ionaid agus an obair a dhéanann siad ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide, agus tacaíocht na Foirne Glaise aici.

Rialachas

Éilítear sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide go gcuirfear struchtúir cheannaireachta agus rialachais i bhfeidhm, go mbunófar Foireann Ghlas, agus go dtacófar le baill foirne agus le mic léinn chun páirt a ghlacadh chun páirt a ghlacadh agus rannchuidiú leis an nGníomhú ar son na hAeráide.

Bord BOOÁCDL

Tá Bord BOOÁCDL comhdhéanta de ghnáthchomhaltáí agus ceaptar duine acu ina Chathaoirleach. Tá ionadaithe ó na trí cheantar údaráis áitiúil i bhFine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an mBord, mar aon le réimse leathan leasanna pobail agus oideachais, lena n-áirítear ionadaí tuismitheoirí agus foirne.

Tá gealltanais tugtha ag BOOÁCDL tacú le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht agus iad a chur chun cinn. Cuirtear nuashonruithe rialta faoi bhráid Bhord BOOÁCDL. Cuirtear eagráin bhliantúla de Threochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide BOOÁCDL faoi bhráid an Bhoird lena gceadú.

Seaimpín Aeráide & Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh BOOÁCDL

Tá Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagrúcháin, ainmnithe ag BOOÁCDL mar Sheaimpín Aeráide agus Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh BOOÁCDL. Is é príomhfheidhm an ról ceannaireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha riachtanacha, agus tuairisciú a dhéanamh ar Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, chun a chinntiú go ndéantar tuairisciú tráthúil agus cruinn ar an gcóras M&T, agus feidhmiú mar urraitheoir ar leibhéal an bhoird bainistíochta d'Fhoireann Ghlas na heagraíochta. Caithfidh an Seaimpín/Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (OFF) tiomantas a chinntiú ag leibhéal na ceannaireachta chun spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach don eagraíocht (Straitéis Gníomhaithe ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2023 - 2025).

Foireann Ghlas BOOÁCDL

Go déanach in 2024, bhunaigh BOOÁCDL Foireann Ghlas BOOÁCDL. Go dtí seo, tionóladh 12 chruinniú. Tá baill rialta ar an bhfoireann, agus tugtar cuireadh d'aíonna ábhair áirithe a phlé. Is é ról na Foirne Glaise tionscnaimh inbhuanaitheachta a bhrú chun cinn trí dheiseanna a aithint, oideachas a chur ar bhail foirne agus ar scoláirí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, agus cultúr inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm san eagraíocht. Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann Ghlas tionchar a imirt ar chomhghleacaithe chun gealltanais a thabhairt d'obair agus do mhaireachtáil ar bhealach inbhuanaithe, agus tionchar a imirt ar chinnteoireacht sa chaoi is go mbeidh critéir na haeráide agus an chomhshaoil chun tosaigh (Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí 2023 - 2025).

Tá sé beartaithe ag an bhFoireann Ghlas líon na mball a leathnú chun go mbeidh pearsanra ó gach réimse den eagraíocht a bhfuil suim acu san aeráid agus san inbhuanaitheacht san áireamh, agus nascadh leis na Foirne Glasa áitiúla atá ann cheana féin i scoileanna agus in ionaid.

Tuairiscíonn an Fhoireann Ghlas do Bhord BOOÁCDL agus don Fhoireann Ardbhainistíochta (FA) ar bhonn ráithiúil agus tugann sí nuashonruithe ar phríomhspriocanna agus ar fheidhmíocht i gcoinne an treochláir. Déanfaidh an Fhoireann Ghlas monatóireacht agus tuairisciú ar réimsí tosaíochta amhail fuinneamh, uisce, dramhaíl agus bithéagsúlacht na heagraíochta.

De réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí, áirítear na gnéithe seo a leanas i measc príomhghnéithe Fhoireann Ghlas BOOÁCDL:

- Cairt a shainíonn ról na Foirne Glaise agus réimsí fócais.
- Tacaíocht agus tiomantas ón mbainistíocht shinsearach, le Seaimpín a fheidhmíonn mar urraitheoir don Fhoireann Ghlas ar leibhéal an Bhoird Bainistíochta agus a thuiriscíonn go rialta ar dhul chun cinn. Beidh an Fhoireann Ghlas agus an Seaimpín Fuinnimh ag obair go dlúth maidir le spriocanna agus feidhmíocht BOOÁCDL i leith na haeráide agus na hinbhuanaitheachta.
- Caithfidh bainistíocht fuinnimh a bheith ina gné láidir de shainchúram na bhFoirne Glasa. Déanfaidh an Fhoireann Ghlas idirchaidreamh le pearsanra agus doiciméid threorach ÚFIÉ maidir lena riachtanais agus a sainchúram.

Coistí Fuinnimh/Foirne Glasa

Tá coistí glasa nó baill foirne ainmnithe ag formhór Scoileanna agus Ionaid BrOO BOOÁCDL atá freagrach as gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i measc foirne agus foghlaimeoirí. Tacóidh Foireann Ghlas BOOÁCDL leis na coistí seo, le cúnamh breise ó ÚFIÉ, agus cuirfear na hacmhainní riachtanacha ar fáil dóibh chun foireann agus foghlaimeoirí a oiliúint, tionscnaimh a chruthú agus rannpháirtíocht dhearfach a spreagadh.

Ceannoifig

Tá roinnt ranna i gceannoifig BOOÁCDL, airgeadas, ciste, seirbhísí corparáideacha, TF, soláthar, foirgnimh, agus ranna oideachais san áireamh a chuidíonn leis an eagraíocht seirbhísí a sholáthar don soláthar oideachais a chuireann BOOÁCDL ar fáil. Tá a ról féin ag gach ceann de na ranna seo maidir le spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide 2030 BOOÁCDL a bhaint amach. Chun na spriocanna riachtanacha a bhaint amach, tá Ceann Eastáit agus Inbhuanaitheachta agus Oifigeach Fuinnimh fostaithe ag BOOÁCDL in 2025. Tá na ról seo tiomnaithe do chúnamh a thabhairt do BOOÁCDL ár spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach, trí shonraí a bhailiú ar an eastát, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh air, tionscadail agus tionscnaimh thábhachtacha a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, agus cúnamh a thabhairt do bhaill foirne agus d'fhoghlaimeoirí tomhaltas fuinnimh agus gáis ceaptha teasa a laghdú.

Oideachais

Tá BOOÁCDL tiomanta do bhaill foirne agus foghlaimeoirí a spreagadh chun bheith ina saoránaigh spreagtha, eolacha atá ar an eolas faoina ngníomhartha agus a oibríonn ar mhaith le todhchaí níos inbhuanaithe. Is gnéithe lárnacha den phlean oibre iad an oiliúint agus an fhorbairt. Tá roinnt tionscnamh aeráide agus inbhuanaitheachta i bhfeidhm faoi láthair, i dteannta cláir oideachais, ag leibhéal na bunscoile, na hiar-bhunscoile agus an bhreisoideachais. Tá ról ceannrúdaíoch ag scoileanna agus ag suímh oideachais eile ina bpobail agus tá tionchar an méid atá ag tarlú i seomraí ranga ar thithe ar fud na tíre (Treochlár Teicniúil na hEarnála Scoile don Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 go 2030. An tAistriú go Neodracht Carbóin a Dhéanamh inár Scoileanna 2023).

ÚFIÉ

Baineann BOOÁC DL leas as Clár Comhpháirtíochta Earnála Poiblí ÚFIÉ agus déanann sé idirchaidreamh le Bainisteoir Tacaíochta Comhpháirtíochta (BTC) ainmnithe na heagraíochta. Is tacaíocht rithábhachtach í seo, a chuidíonn le BOOÁC DL an comhshaol a fheabhsú, oibleagáidí náisiúnta a chomhlíonadh trí lagduithe suntasacha a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na heagraíochta, agus píblínte tionscadal 2030 agus 2050 a fhorbairt. Áirítear leis seo anailís ar an mbearna i leith na sprice agus ar an gconair agus tugtar tacaíocht treo-aimsitheora ar fáil chun píblínte tionscadal a spreagadh, a chur sa siúl, agus a choinneáil (Straitéis um Ghníomhú ar son hAeráide na hEarnála Poiblí 2023 - 2025 2023).

Rannpháirtíocht agus Oiliúint

Tá BOOÁC DL ag cur pleananna i bhfeidhm chun comhtháthú gníomhaithe ar son na haeráide agus na ngníomhartha inbhuanaitheachta san fhoghlaim a leathnú. Mar atá leagtha amach sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá BOOÁC DL tiomanta do na nithe seo a leanas:

- Oiliúint chuí ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht (teicniúil agus iompraíochta) a chur san áireamh i straitéisí foghlama agus forbartha do bhaill foirne.
- Ceardlanna foirne a eagrú chun dul i ngleic le saincheisteanna aeráide, lena n-áirítear fócas ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú.
- Inbhuanaitheacht a áireamh agus a chur chun cinn mar chuid de cheannaireacht na heagraíochta, na scoile agus an ionaid.
- Tionscnaimh amhail Clár na Brataí Glaise a chur chun cinn.
- Aitheantas a thabhairt do dhaoine óga mar rannpháirtithe lárnacha inár dtodhchaí inbhuanaithe, chun a chinntiú go gcuirtear san áireamh iad ar bhealach fiúntach ó thaobh beartais agus cláir a dhearadh, a sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Ar leibhéal na scoile, a chinntiú go bhfuil deis iomlán ann guth na ndaltaí a chur san áireamh trí chomhairlí daltaí in iar-bhunscoileanna agus bunscoileanna araon.
- Dul i mbun oibre tríd an gClár Fuinnimh san Oideachas chun rochtain a fháil ar na deiseanna comhairle agus meantóireachta atá forbartha ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ) agus ag an Roinn Oideachais. Cabhróidh sé seo le rannpháirtíocht chuí i ngníomhú ar son na haeráide a chothú maidir le saincheisteanna aeráide agus leis an gcumas lorg carbóin na scoile a laghdú.

Tá roinnt deiseanna oiliúna ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn faoi láthair, agus roimh dheireadh 2025 beidh oiliúint inbhuanaitheachta críochnaithe ag gach ball den Fhoireann Ardcheannaireachta de réir Shainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide. I mí na Samhna 2025, cuirfear ceardlann inbhuanaitheachta ar fáil do gach ball foirne sa cheannoifig, do phríomhoidí agus do bhainisteoirí ionaid.

Tá baill den Fhoireann Ghlas tar éis freastal ar roinnt cláir oiliúna chun eolas a fheabhsú agus tionscnaimh inbhuanaitheachta a bhunú agus is baill gníomhacha iad d'ardán Nasc Fuinnimh ÚFIÉ, ar acmhainn í a úsáidtear go rialta.

Glacann go leor scoileanna BOOÁCDL páirt i gclár na Brataí Glaise, rud a chuireann tionscnamh an-phraiticiúil ar fáil chun clár oibre an ghníomhaithe ar son na haeráide a ardú.

Tá BOOÁCDL tar éis clárú le feachtas laghdaigh d'úsáid 2025 ÚFIÉ, agus beidh mol eagraíochta láraithe acu ina mbeidh tionscnaimh, leideanna agus cleasa agus ábhair fhoghlama ar fáil do gach ball foirne agus scoláire. Leathnóidh sé seo an Feachtas 'Usáid Níos Lú' chuig líon níos mó scoileanna agus ionad ag tosú i Ráithe 4 2025. Áirítear leis an bhfeachtas seo:

- Díriú ar laghdúithe ar theocht agus ar fhad ama córas téimh.
- Laghdú ar úsáid fuinnimh ó shoilsiú.
- Úsáid leictreachais a laghdú ag buaic-amanna aon uair is féidir.
- Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as foirgnimh ina bhfuil líon íseal daoine, ag amanna áirithe, mar gheall ar chianobair (PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE 2023).

Moltar do gach scoil agus ionad de chuid BOOÁCDL páirt a ghlacadh sa tionscnamh Fuinnimh san Oideachas, atá deartha chun cabhrú le scoileanna agus ionaid a gcleachtais bainistíochta fuinnimh a fheabhsú, costais oibriúcháin a laghdú agus an comhshaol a chosaint. Le hacmhainní ó Fuinneamh san Oideachas agus cúrsa Oiliúna MAP de chuid ÚFIÉ, tá sé beartaithe ag BOOÁCDL leagan gearr den chúrsa seo a chur ar fáil do gach cúramóir agus bainisteoir foirgneamh inár scoileanna agus inár ionaid, chun an fhaisnéis a theastaíonn uathu a chur ar fáil dóibh chun méadair agus billí a léamh. Táthar ag súil go gcuideoidh an fhaisnéis seo le tomhaltas fuinnimh a laghdú agus gur féidir úsáid ard fuinnimh lasmuigh d'uaireanta teagaisc a laghdú.

Tá cúrsa ríomhCholáiste creidiúnaithe ag SOLAS bunaithe ag foireann pleanála agus forbartha Breisoideachais agus Oiliúna (BrOO) BOOÁCDL, dar teideal Fuinneamh & Tusa: Úsáid Níos Lú. Is cúrsa gearr ar líne é seo atá éigeantach do gach foghlaimeoir nua. Tá sé seo leathnaithe chun gach ball foirne reatha de chuid BOOÁCDL agus foghlaimeoirí BrOO a chlúdach, agus tá pleananna ann an cúrsa a leathnú chun scoláirí iar-bhunscoile sa cheathrú bliain a chur san áireamh go luath amach anseo. Leagtar amach sa chúrsa seo céimeanna éagsúla chun tomhaltas fuinnimh a laghdú ó lá go lá.

Tá Grúpa Stiúrtha Scileanna Glasa bunaithe ag an bhfoireann oideachais BrOO a dhíríonn ar chúrsaí agus tionscnaimh BrOO. Go dtí seo, tá an grúpa tosaithe ag féachaint ar chúrsaí agus reachtaíocht bhreise maidir le scileanna glasa. Tá an grúpa seo ag céim an taighde agus na forbartha faoi láthair.

Tá roinnt cúrsaí glasa ann faoi láthair ag leibhéal BrOO, mar shampla cúrsa cothabhála feithiclí leictreacha a chuirtear ar fáil in Ionad Oiliúna Bhaile Dúill. Tá foireann forbartha agus pleanála BrOO, mar aon leis an nGrúpa Stiúrtha Scileanna Glasa BrOO, ag forbairt sraithe de Chúrsaí Scileanna Glasa BrOO mar chuid den soláthar BrOO faoi láthair. Tá siad seo ag céim na féidearthachta agus áirítear leo cúrsaí ar an ngeilleagar ciorclach agus cúrsaí tógála Foirgnimh Neodrach ó thaobh Fuinnimh (NZEB) a fheabhsú chun foghlaimeoirí nua a oiliúint agus chun scileanna oibrithe reatha a fheabhsú i réimse na tógála agus an aiseistithe ghlais. Tá pleananna ann freisin chun teagascóirí atá ann cheana a oiliúint maidir le scileanna glasa.

Ár Spriocanna

Mar chuid de thiomantas BOOÁCDL do chuspóirí aeráide náisiúnta na hÉireann, tá ár spriocanna do 2025 ailínithe go straitéiseach leis an **Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide 2025, Treoirlínte um Gníomhú ar son na hAeráide 2025**, agus prionsabail an **tSoláthair Ghlais san Earnáil Phoiblí**. Tá ár n-iarrachtaí chun tionchar comhshaoil a laghdú, feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, agus inbhuanaitheacht a leabú i ngach gné dár n-oibríochtaí faoi stiúir na dtreoirlínte seo.



Fíor 5. Spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide

Áirítear ar ár bpríomhspríocanna:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta maidir leis an aeráid.
- Tá BOOÁCDL sa tóir ar aistriú struchtúrtha go neodracht ó thaobh carbóin faoi 2050 i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla.
- Feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, trí bhainistíocht fuinnimh réamhghníomhach agus uasghráduithe bonneagair.
- Soláthar Poiblí Glas (SPG) a chur i bhfeidhm i ngach gníomhaíocht cheannaigh, chun a chinntiú go ndéantar critéir chomhshaoil agus shóisialta a chomhtháthú i gcinntí soláthair, mar a fhoráiltear i gCiorclán 17/2025.
- Gníomhú ar son na haeráide a ionchorprú i rialachas agus i bpleanáil, le struchtúir chuntasachta soiléire agus sásraí tuairiscithe bliantúla, mar atá leagtha amach sa sainordú um ghníomhú ar son na haeráide 2025.

Monatóireacht agus Tuairisciú

Éilítear i Straitéis na hEarnála Poiblí um Gníomhú ar son na hAeráide go ndéanfar tuairisciú trédhearcach, cothrom ar dhul chun cinn an dícharbónaithe agus na hinbhuanaitheachta agus nach mór do chomhlachtaí tuairisciú a dhéanamh trí chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ÚFIÉ. Úsáideann BOOÁCDL an córas seo faoi láthair agus leanfaidh sé de shonraí a uaslódáil go bliantúil, tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, cur i bhfeidhm an tsainordaithe agus ag tuairisciú ar

ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta. Tá an fhaisnéis seo riachtanach chun feidhmíocht a rianú, agus chun a chinntiú go bhfuilimid ag obair i dtreo ár bhfís ghníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach (Straitéis na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 - 2025 2023).

Dul Chun Cinn Go dtí seo agus Bearna go Sprioc

Ag obair go dlúth lenár ranna Tuismitheoirí, an Roinn Oideachais agus Óige (ROO), an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais agus Scileanna (RBAS), agus le ÚFIÉ, tá dul chun cinn tosaithe ag BOOÁCDL cheana féin maidir lenár spriocanna gníomhaithe aeráide 2030 a bhaint amach.

Tá BOOÁCDL tar éis páirt ghníomhach a ghlacadh i gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ÚFIÉ, agus tá sé ag cur le spriocanna aeráide earnáil phoiblí na hÉireann. Léiríonn na sonraí is déanaí ó ardán ÚFIÉ dul chun cinn BOOÁCDL maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú carbóin.

Buaicphointí Feidhmíochta BOOÁCDL

Feabhsú Éifeachtúlachta Fuinnimh:

Tá feabhas 41.4% bainte amach ag BOOÁCDL maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid lena bhliain bhonnlíne, rud a chuireann go mór leis an sprioc náisiúnta de 50% faoi 2030.


Laghdú Astaíochtaí Carbóin:

Thuairiscigh BOOÁCDL laghdú 22.1% ar astaíochtaí CO₂ iomlána le feabhsuithe suntasacha in úsáid fuinnimh foirgneamh agus laghdú ar spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

Ráiteas Bliantúil Fuinnimh:

Deimhníonn ráiteas bliantúil fuinnimh na heagraíochta feabhsuithe comhsheasmhacha bliain i ndiaidh bliana, le coigilteas bailíochtaithe i réimse an leictreachais agus na feidhmíochta foirgneamh.

Léiríonn an graf thíos ar an mbearna go sprioc gur féidir le BOOÁCDL coigilteas fuinnimh níos mó a bhaint amach agus astaíochtaí CO₂ iomlána a bhaineann le breoslaí iontaise a laghdú tuilleadh trí thionscnaimh bhreise laghdaithe fuinnimh a chur i bhfeidhm amhail suiteáil coirí bithmhaise agus caidéal teasa, uasghrádú go soilsíú LED atá tíosach ar fhuinneamh, agus tionscadail chuimsitheacha aisfheistithe a dhéanamh.



Fíor 6. Sonraí BOOÁCDL 2024 a thaispeánann tionchar na dtionscadal agus na dtionscnamh atá beartaithe agus an bhearna go spríoc mar thoradh air sin

Spríoc iomlán CO₂ | Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire



Fíor 7. Cairt sonraí spríce CO₂ iomlán BOOÁCDL 2024 go 2030.

BOOÁC DL Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide

Is é an treochlár an bealach trína gcuirfidh BOOÁC DL an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm. Is é cuspóir an treochláir fíis, straitéis agus pleanáil chomhchoiteann a spreagadh laistigh de BOOÁC DL (PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE 2023).

Tá raon réimsí aitheanta ag BOOÁC DL inar féidir leis an eagraíocht céimeanna a ghlacadh i dtreo ár sprice gníomhaithe aeráide a bhaint amach. Laistigh de gach ceann de na réimsí seo, tá roinnt deiseanna feabhsúcháin agus gníomhaíochta roghnaithe ag BOOÁC DL.

Áirítear ar na príomhréimsí:

- Ceannaireacht, Acmhainní agus Rialachas
- Oiliúint, Foghlaim agus Taighde
- Rannpháirtíocht agus Straitéisí
- Eastáit agus Oibríochtaí
- Bailiú Sonraí

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta go dtí seo, tá réimsí ann fós le feabhsú agus is treoir é an treochlár seo maidir le conas foireann agus foghlaimeoirí a oiliúint, rannpháirtíocht a spreagadh, sonraí a anailísiú agus pleanáil don todhchaí chun astaíochtaí agus gáis ceaptha teasa a laghdú.

Is treochlár athchleachtach é an plean seo a leasaítear agus a leathnaítear gach bliain de réir mar is gá. Déanfaidh BOOÁC DL monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn na heagraíochta agus ar chur i bhfeidhm an treochláir.

Fíor 8. Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide BOOÁC DL ar an leathanach eile

TREOCHLÁR DON GHNÍOMHÚ AR SON NA hAFRÁIDF

PRÍOMHRÉIMÍSÍ CHUN SPRIOCANNA GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE A BHAINN AMACH



Ceannaireacht, Rialachas agus Acmhainní

Ceannaireacht, Rialachas agus Acmhainní

Cinntigh go bhfuil rialachas agus acmhainní leordhóthanacha i bhfeidhm chun tacú le Spriocanna Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheachta.

Ceap Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta.

Bunaigh Foireann Ghlas agus coistí Inbhuanaitheachta i scoileanna agus in ionaid.

Bailigh tuairimí ar inbhuanaitheacht agus cinntigh go nglacann gach leibhéal den eagraíocht leis.

Buail le ceannairí chun spriocanna a shocrú.



Teagasc, Foghlaim agus Taighde

Cuir oiliúint faoi ghníomhú ar son na haeráide agus faoi inbhuanaitheacht ar fáil do gach ball foirne agus scoláire agus múscaill feasacht ar fud na heagraíochta.

Infheistigh in oiliúint bainistíochta comhshaoil ar leibhéal ceannaireachta.

Cuir oideachas ar an bhfoireann maidir le hoiliúint ar Léarscáileanna ÚFIE agus cuir i bhfeidhm í do chúramóirí.

Cuir feabhas ar scileanna maidir le hastaíochtaí a thomhas trí úsáid a bhaint

Bunaigh oiliúint bhithéagsúlachta.

Cuir oiliúint ar bhaill foirne chun inbhuanaitheacht a ionchorprú sa churaciam.

Ionchorpraigh freagracht aeráide i bhforbairt foirne.



Rannpháirtíocht agus Straitéisí

Cuir straitéisí i bhfeidhm chun úsáid fuinnimh a laghdú.

Feachtas 'Usáid Níos Lú'. Tionscnamh na Brataí Glaise.

Beartais soláthair ghlais a chur i bhfeidhm le haghaidh earraí agus seirbhísí.

Cinntigh go bhfuil comharthaíocht athchúrsála ar fáil i ngach foirgneamh.

Bunaigh feachtas chun tomhaltas uisce a laghdú.

Nuashonraigh beartas taistil chun astaíochtaí ó chomaitéireacht a laghdú agus rothaíocht agus siúl a chur chun cinn.

Cuir plean gníomhaíochta bithéagsúlachta i bhfeidhm ar champas chun bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.



Estates and Operations

Bunaigh clár deiseanna agus tionscadail fuinnimh thábhachtacha.

Ionchorpraigh spriocanna neodracha carbóin i ngach foirgneamh nua

Cuir feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfeidhm amhail uasghráduithe soilsithe, meadair chliste agus uasghráduithe ar chórais bainistíochta foirgneamh (CBF).

Cinntigh go mbeidh foinsí fuinnimh in-athnuaite i ngach foirgneamh nua agus bunaigh pleananna chun foirgnimh de chuid an eastáit atá ann cheana a athfheistiú le foinsí fuinnimh in-athnuaite amhail caidéil teasa.

Suiteáil painéal FV nuair is iomchuí. Pleanáil le haghaidh uasghráduithe ar straitéisí aisfheistithe creatlaí foirgnimh.



Bailiú Sonraí

Tomhais astaíochtaí reatha agus Bearnaí go Sprioc.

Bailigh faisnéis faoi gach foirgneamh trí Iniúchtaí Fuinnimh.

Déan measúnú ar thionchar uasghráduithe féideartha.

Sainigh sprioc laghdaithe astaíochtaí do gach foirgneamh.

Foilsigh Spriocanna.

Bunaigh bonnlíne agus déan monatóireacht agus tuairiscíú ar dhul chun cinn.

Nuashonraigh Plean Stoic Foirgneamh go bliantúil.

Ár Modh Oibre

Soláthar Poiblí Glas

Is éard atá i Soláthar Poiblí Glas (SPG) ná próiseas lena ndéanann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí nó oibreacha a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu a fhoinsiú. Aithnítear gur seift bheartais ríthábhachtach é SPG chun cuspóirí beartais comhshaoil a bhaint amach (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2021). Tosóidh BOOÁCDL ag cur Soláthar Poiblí Glas i bhfeidhm i gcomhréir leis an Sainordú um Chur i bhFeidhm an tSoláthair Phoiblí Ghlais atá leagtha amach i gCeannach Níos Glaise: Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027. (Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025)

Faoi láthair, cuireann BOOÁCDL critéir soláthair ghlais i bhfeidhm ar bhonn cás ar chás, do gach comórtas ag brath ar na hearraí nó na seirbhísí atá á soláthar. Sonraítear i ngach tairiscint earraí agus seirbhísí TF go bhfuil Soláthar Glas mar 10% ar a laghad de na critéir mheasúnaithe. Ar an leibhéal náisiúnta, tá brú ar siúl i dtreo soláthar níos inbhuanaithe i gcomhréir le beartais agus pleananna an rialtais, agus freastalóidh foireann BOOÁCDL ar oiliúint agus ar chomhdhálacha chun fanacht cothrom le dáta agus chun a gcuid scileanna a fheabhsú chun Soláthar Glas a ionchorprú sa Bheartas Soláthair. Tá critéar inbhuanaitheachta mar chuid den scéim marcála anois i gcás tairiscintí d'fhoirne dearaidh agus do chomhairleoirí le haghaidh tionscadail mhóra agus tá pleananna ann an critéar seo a chur san áireamh i dtionscadail níos lú.

Bainistíocht Fuinnimh agus Comhshaoil

Éilíonn na Sainorduithe um Ghníomhú ar son na hAeráide ar chomhlachtaí móra poiblí creidiúnú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach do chomhlachtaí móra san earnáil phoiblí amhail ISO 50001 (Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh) nó ISO 14001 (Córas Bainistíochta Comhshaoil), d'fhonn dul níos faide ná ISO14001 agus EMAS (Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil) a ghlacadh. Is próiseas é Córas Bainistíochta Fuinnimh (CBF) chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú i gcónaí. Oiriúnach do gach eagraíocht, is cuma cén mhéid atá iontu nó earnáil ina bhfuil siad, tá sé thar a bheith tairbheach má úsáideann tú próisis atá dian ar fhuinneamh.

Mar gheall ar scála chaiteachas fuinnimh BOOÁCDL, tá sé de dhualgas ar an eagraíocht ISO 50001 a chur i bhfeidhm. Is é ISO 50001 an caighdeán idirnáisiúnta a sholáthraíonn creat chun na córais agus na próisis is gá a bhunú chun feidhmíocht fuinnimh, éifeachtúlacht agus tomhaltas a fheabhsú. Tá BOOÁCDL tiomanta don chóras seo a bhunú le haghaidh bainistíocht fuinnimh fhreagrach agus tá sé faoi láthair sna céimeanna tosaigh maidir le glacadh le ISO 50001. Is tasc mór é seo agus tógfaidh sé tamall lena chur i bhfeidhm go hiomlán. Tá oifigeach fuinnimh BOOÁCDL ag freastal ar chlár luasghéaraithe ÚFIÉ agus tá BOOÁCDL ag pleanáil tosú leis na húsáideoirí fuinnimh is suntasaí agus ansin oibreoidh siad ar leathnú ar fud na heagraíochta.

Éilíonn ISO 50001 CBF ort:

- Beartas fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Na húsáideoirí fuinnimh is suntasaí san eagraíocht a shainaithint.
- Cuspóirí fuinnimh agus spriocanna intomhaiste a shocrú.
- Cláir a chur i bhfeidhm agus a oibriú chun na cuspóirí agus na spriocanna seo a bhaint amach.
- Seiceáil agus gníomh ceartaitheach a ghlacadh de réir mar is gá.
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar do chóras agus é a fheabhsú nuair is féidir.

(ÚFIÉ, córais bainistíochta fuinnimh ÚFIÉ agus ISO 50001 2024-2025)

Tá roinnt buntáistí ag baint le CBF a bhunú ag BOOÁC DL, lena n-áirítear:

- Costais laghdaithe
- Tá bainistíocht fuinnimh fite fuaite le hoibríochtaí laethúla.
- Éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe
- Úsáid fuinnimh fhoriomlán laghdaithe.
- Cinntíonn sé comhlíonadh.
- Feabhsaíonn sé cáil.
- Feabhsú leanúnach
- Déanann sé próisis a chaighdeánú agus feabhsaíonn sé feidhmíocht agus táirgiúlacht.


Úsáid Acmhainní

Méid Páipéir

Tríd an Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide, tá BOOÁC DL ag cur tionscnamh i bhfeidhm chun priontáil neamhriachtanach a laghdú, sreafaí oibre digiteacha a spreagadh, agus úsáid ábhar athchúrsáilte a mhéadú i gcás ina bhfuil gá le priontáil. Is é an cuspóir atá againn ná méideanna priontála a laghdú go suntasach sna blianta amach romhainn, rud a thacóidh lenár sprioc níos leithne neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn i ngach oibríocht. Aithnímid go gcuireann gach gníomh, ó roghanna priontála aonair go beartas eagraíochtúil, le todhchaí níos glaise, agus táimid tiomanta do chultúr inbhuanaitheachta a chothú i measc ár bhfoirne, ár bhfoghlaimoirí agus ár bpáirtithe leasmhara.

Thug an fhoireann TF priontáil monacrómach isteach mar an socrú réamhshocraithe in 2024, rud a d'fhág laghdú suntasach ar phriontáil dhaite agus ar thomhaltas acmhainní in 2025. Cé gur mhéadaigh úsáid priontála monacrómaí go seasta le ceithre bliana anuas, rud a shroich 13,213,592 leathanach in 2025, baineadh amach buaicphointe maidir le húsáid priontála daite in 2024 ag 24,330,130 leathanach agus laghdaigh sé go suntasach go 4,201,126 leathanach in 2025. Tá laghdú

suntasach tagtha ar chostais agus ar úsáid acmhainní dá bharr. Tá an Fhoireann Ghlas ag pleanáil tuilleadh tionscnamh chun an tomhaltas foriomlán a laghdú tuilleadh.



Fíor 9. Méid Priontála BOOÁCDL

Trealamh TFC

I gcomhréir le cuspóirí inbhuanaitheachta BOOÁCDL, déantar trealamh TFC a sholáthar i gcomhréir leis an gCeannach Níos Glaise: Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024–2027. Cinntíonn sé seo go gcuireann infheistíochtaí TFC le tionchair chomhshaoil a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh chun cinn, agus spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide na heagraíochta chun cinn.

Éascaíonn an fhoireann TF cianobair faoi láthair agus tá pleananna ann na stáisiúin oibre go léir a uasghrádú go córas atá bunaithe ar fhreastalaí. Chuirfeadh sé seo ar ár gcumas na meaisíní go léir a mhúchadh ag deireadh an lae, rud a shábhálfadh úsáid fuinnimh.

Dramhaíl

Tá BOOÁCDL tiomanta do ghiniúint dramhaíola a laghdú agus athchúrsáil agus athúsáid a mhéadú ar fud na suíomh uile i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Dramhaíola na hÉireann don Gheilleagar Ciorclach (2020–2025) agus an Straitéis Geilleagair Chiorclaigh (2022–2028). Sa bhliain 2024, ghin BOOÁCDL thart ar 653 tonna dramhaíola, le ráta atreoraithe foriomlán de 40.7%, agus 33.2% do shruthanna dramhaíola de chineál bardasach. Is é an príomhfhócas amach anseo ná dramhaíl iarmharach (líonadh talún) a laghdú agus athchúrsáil agus gabháil dramhaíola orgánaí a fheabhsú.

Is éacht tábhachtach laistigh de scoileanna BOOÁCDL cur i bhfeidhm polasáí “tóg do dhramhaíl féin”, rud a chinntíonn nach ngintear ná nach bhfágtar aon dramhaíl bhia ar láthair na scoile. Ar an gcaoi

chéanna, tá deireadh curtha le cupáin, plátaí agus seanra indiúscartha aon úsáide ag gach ionad oiliúna BOOÁCDL ina gcuid ceaintíní, agus roghanna malartacha in-athúsáidte curtha chun cinn. Beidh bearta atá dírithe ar dhramhaíl bhia a réiteach san áireamh i ngach socrú conartha nua a bhaineann le seirbhísí bia nó ceaintín, imeachtaí agus comhdhálacha san áireamh.

I measc na ngníomhaíochtaí tábhachtacha breise tá cur i bhfeidhm córas deighilte dramhaíola a leathnú, bonneagar agus comharthaíocht na mboscaí bruscair a chaighdeánú, bailiúcháin dramhaíola bia a leathnú nuair is ábhartha, digitíú a chur chun cinn chun úsáid páipéir a laghdú, agus prionsabail soláthair chiorclacha a dhaingniú. Tá líon suntasach scoileanna agus ionaid BOOÁCDL, an Cheannoifig san áireamh, tar éis córais dramhaíola scartha agus comharthaíocht a chur i bhfeidhm ar fud a bhfoirgneamh. Trí na tionscnaimh seo, leanfaidh BOOÁCDL de bheith ag laghdú a lorg comhshaoil, ag cur éifeachtúlacht acmhainní chun cinn, agus ag tacú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ciorclach, ísealcharbóin.

Tá BOOÁCDL i mbun sonraí dramhaíola a bhailiú don Suirbhé um Ghiniúint Dramhaíola ón bPríomh-Oifig Staidrimh, agus cabhróidh na sonraí seo le réimsí feabhsúcháin a aithint. Tá deireadh curtha ag BOOÁCDL le húsáid cupán agus seanra indiúscartha i bhformhór na gceaintíní agus tá siad ag fáil réidh le hearraí aonúsáide ó imeachtaí.

Uisce

Tá pleananna ag BOOÁCDL chun monatóireacht a dhéanamh ar thomhaltas uisce san eastát a fheabhsú agus tá tionscnaimh beartaithe acu chun tomhaltas a laghdú trí úsáid a bhaint as acmhainní ó fheachtas 'Úsáid Níos Lú' na mbliana seo. Tá stáisiúin athlíonta oiriúnacha do bhaill foirne agus do scoláirí ar fud fhoirgnimh BOOÁCDL tar éis cabhrú le plaitigh aonúsáide a laghdú.

Foirgnimh agus Feithiclí

Foirgnimh

Tá eastát de bhreis is 100 foirgneamh ag BOOÁCDL, idir fhoirgnimh faoi úinéireacht agus ar léas. Tá foirgnimh nua san eastát a chomhlíonann na ceanglais reatha maidir le húsáid fuinnimh agus astaíochtaí, ach tá stoc atá as dáta i gcuid mhór den eastát. Is dúshlán mór é seo do BOOÁCDL mar go mbeidh aisfheistithe suntasacha agus bearta dícharbónaithe ag teastáil sna foirgnimh seo chun a bhfeidhmíocht a fheabhsú agus astaíochtaí a laghdú. Mar chuid den Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá sé beartaithe ag BOOÁCDL iniúchadh a dhéanamh ar gach ceann de na foirgnimh san eastát agus Deimhniú Fuinnimh Taispeána cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh de chuid BOOÁCDL atá oscailte don phobal chun úsáid fuinnimh a thaispeáint go soiléir agus chun cabhrú le pleanáil amach anseo.

Sonraí Eastáit

Mar a leagtar amach sa treochlár, tá bailiú sonraí eastáit riachtanach chun an stoc reatha a thuiscint agus chun réimsí le haghaidh feabhsúcháin amach anseo a aithint.

Sa bhliain 2024, chríochnaigh BOOÁCDL bailiú sonraí domhain ar gach foirgneamh san eastát. Rinneadh na hachair urláir go léir a nuashonrú agus a fhíorú, agus cuirtear aon bhreiseanna nua leis gach bliain. Is cuid den phróiseas seo tuarascálacha reachta a dhéanamh, suirbhéanna tomhaiste agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid aistrithe. Tógfaidh sé seo go leor ama agus acmhainní, ach tá an tionscadal seo faoi lánseol anois. Faoi dheireadh 2025, beidh tuarascáil reachta críochnaithe, iniúchadh fuinnimh, RFF agus DFT ag formhór na bhfoirgneamh BrOO atá faoi úinéireacht BOOÁCDL, agus tús áite tugtha do phríomhréimsí le haghaidh uasghrádaithe agus feabhsúcháin agus costas táscach á mheas chun cabhrú le pleanáil ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach.

Deimhniú Fuinnimh Taispeána

Tá tús curtha ag BOOÁCDL le Deimhniú Fuinnimh a thaispeáint i ngach foirgneamh atá níos mó ná 250 m² ó thaobh achair de, i gcomhréir le rialacháin náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh. Neartaíonn an beart seo tiomantas BOOÁCDL do thrédhearcacht agus d'fheabhsú leanúnach i dtaca le feidhmíocht fuinnimh. Trí mhonatóireacht a dhéanamh ar rátálacha fuinnimh agus iad a thaispeáint go gníomhach, cuireann BOOÁCDL cuntasacht chun cinn, tacaíonn sé le cinntí eolacha bainistíochta fuinnimh, agus cuireann sé a spriocanna níos leithne maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide chun cinn.

Foirgnimh Nua

Ceapfaidh BOOÁCDL comhairleoirí fuinnimh ar gach tionscadal mór tógála mar chuid den fhoireann dearaidh lena chinntiú nach amháin go gcomhlíonann foirgnimh na ceanglais íosta fuinnimh ach go bhféadfaidís feabhsuithe níos mó a thairiscint i gcomhréir leis an dea-chleachtas. Ní hamháin go mbreathnóidh BOOÁCDL ar fhoinsí fuinnimh ach freisin ar mhodhanna tógála nua-aimseartha ísealcharbóin, bearta aeráide agus inbhuanaitheachta ar feadh shaolré na bhfoirgneamh agus an carbón corpraithe a bhaineann leis an tógáil. Comhlíonfaidh gach tógáil agus síneadh nua caighdeán beagnach FNF nó FNF.

Beidh bonneagar le haghaidh áiseanna luchtaithe gluaisteán i ngach foirgneamh nua freisin.

Déantar measúnú anois ar fhoirne dearaidh na dtionscadal mór uile le critéar fuinnimh mar chuid dá meastóireacht agus pléadh bearta aeráide agus inbhuanaitheachta ón tús agus leanfaidh siad de bheith ina bpríomhfhachtóir sa phróiseas dearaidh.

Foirgnimh ar Léas

Tá an chéad eagrán de Straitéis Eastát BrOO críochnaithe ag BOOÁCDL. Leagtar amach anseo an t-eastát idéalach agus an bealach chun é seo a bhaint amach, lena n-áirítear roinnt foirgneamh BrOO ar léas. Leagtar amach i Straitéis Eastáit BrOO na ceanglais fuinnimh le haghaidh foirgnimh nua ar cíos agus le haghaidh aisfheistiú foirgneamh atá ann cheana féin ar léas. Cinnteoidh BOOÁCDL, nuair is féidir, go mbeidh na ceanglais íosta fuinnimh ag baint le gach foirgneamh nua ar léas mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Feithiclí & Iompar

Tá pleananna ag BOOÁCDL foirgnimh atá oiriúnach do rothair a chruthú d'fhostaithe agus do chuairoteoirí i ngach foirgneamh nua, trí pháirceáil rothair shábháilte agus inrochtana a chur i bhfeidhm agus cosáin shábháilte a chruthú laistigh dá thailte, i gcomhar le pleanáil. Déanfar athbhreithniú ar shuímh atá ann cheana féin chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh oibreacha uasghrádaithe ar an mbonneagar rothar agus ar na háiseanna páirceála atá ann cheana féin. Áiríodh roinnt scáthláin rothair ag BOOÁCDL mar chuid den ghairm ar chlár Oibreacha Samhraidh Gníomhaithe ar son na hAeráide (OSGA). Táthar ag súil, trí bhonneagar páirceála sábháilte agus slán a sholáthar, go méadófar rothaíocht agus go laghdófar úsáid gluasteán i measc baill foirne agus scoláirí. Meáfaidh BOOÁCDL an Clár Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus é mar aidhm aige tacú le siúl, scútáil agus rothaíocht chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus bealaí siúil agus rothaíochta níos sábháilte a chruthú laistigh de phobail. Is féidir le baill foirne in BOOÁCDL leas a bhaint as an scéim rothar chun na hoibre a bhfuil sé mar aidhm aici baill foirne a spreagadh chun taisteal ar rothar.

Feithiclí Leictreacha

Tá polasaí luchtaithe feithiclí leictreacha sa chéim forbartha faoi láthair. Áirítear leis seo treoir dhearaidh maidir le cuasa páirceála a leagan amach i ngach carrchlós atá faoi úinéireacht BOOÁCDL agus a chomhlíonann na critéir. Tá soláthar ann anois do shaoráidí luchtaithe gluasteán i ngach foirgneamh nua agus in aon tionscadal suntasach. Tá sé beartaithe leathnú a dhéanamh ar sholáthar luchtairí feithiclí leictreacha do gach suíomh BOOÁCDL ar féidir leo na háiseanna seo a chur ar fáil, faoi réir acmhainní, agus tá roinnt scoileanna tar éis iarratas a dhéanamh ar shuiteáil feithiclí leictreacha sa ghairm OSGA.

Marc Taistil Níos Cliste

Tá tús curtha ag BOOÁCDL le cur i bhfeidhm na chéad sraithe den scéim marcála taistil níos cliste, agus táimid tiomanta chun tacú le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe dár scoláirí, dár bhfoireann agus dár gcuairoteoirí. Tá suíomh gréasáin BOOÁCDL nuashonraithe chun faisnéis faoi thaisteal inbhuanaithe chuig Ceannoifig BOOÁCDL a chur san áireamh, agus tá an Fhoireann Ghlas ag obair ar thionscnaimh bhreise chun aitheantas a bhaint amach. Déanfar measúnú ar pháirceáil carranna mar chuid den Straitéis Eastáit.

Tionscadail

Tá pleananna ag BOOÁCDL do thionscadail agus tionscnaimh thábhachtacha a chabhróidh linn ár spriocanna do 2030 agus 2050 a bhaint amach. Trí úsáid a bhaint as an treochlár chun bonn eolas a chur faoi bhealaí chun spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach, sonraí a bhailiú agus clár deiseanna a chruthú chun tionscadail agus gníomhartha níos lú a chur i bhfeidhm, agus trí thionscadail tógála sonracha a chur i gcrích, beidh BOOÁCDL in ann dul chun cinn a dhéanamh i dtreo GCT a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

Díríonn na tionscadail atá beartaithe ar úsáideoirí suntasacha fuinnimh Eastát BOOÁCDL agus ar an gcaoi a bhféadann siad seo a n-astaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú chomh maith le tionscadail aisfheistithe tábhachtacha i scoileanna agus in ionaid eile.

Dúshlán

Tá roinnt dúshlán ann maidir le pleanáil agus cur i bhfeidhm na dtionscadal a mbeidh an tionchar is mó acu ar na spriocanna a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Soláthar leordhóthanach maoinithe caipitil.
- Acmhainní inmheánacha breise chun cabhrú leis na gníomhartha atá leagtha amach sa treochlár seo a chur i gcrích.
- Glacadh a bheith leis ag gach leibhéal den eagraíocht.
- Ceanglais theicniúla maidir le téamh agus fuinneamh in-athnuaite.
- Scála eastáit agus riocht reatha na bhfoirgneamh.
- Costais Oibriúcháin agus Chothabhála a bhaineann le trealamh amhail caidéal teasa agus Aerú Meicniúil agus Aisghabháil Teasa (AMAT).

Ceannoifig

Tá Ceannoifig BOOÁCDL suite i bhfoirgneamh oifige sé stór ar léas. Tá BOOÁCDL ag obair leis an gcomhlacht bainistíochta faoi láthair chun úsáid fuinnimh an fhoirgnimh a laghdú trí chórais deiridh saolré a nuashonrú le córais níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de. Ba chóir don Ceannoifig a bheith i gceannas ar fheachtais feasachta a chur i bhfeidhm chun úsáid fuinnimh a laghdú agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le huisce a chaomhnú agus le hathchúrsáil.

Tá iniúchadh fuinnimh déanta ag BOOÁCDL ar fhoirgneamh na Ceannoifige agus tá DFT ar taispeáint acu anois. Tá clár deiseanna don fhoirgneamh curtha le chéile, ina bhfuil réimsí feabhsúcháin sainaitheanta. Tá uasghrádú iomlán déanta ar an gcóras soilsithe, agus tá tionscnaimh ar nós bainistíocht dramhaíola agus athchúrsála i bhfeidhm anois agus roinnt tionscadal eile beartaithe.

Sa bhliain 2025, cuireadh tús le hoibreacha athsholáthair ar na córais aerchóirithe. Beidh sé seo críochnaithe go hiomlán roimh mhí na Samhna 2025. Feabhsóidh sé seo éifeachtúlacht fuinnimh agus compord an úsáideora, agus cuirfidh sé ar chumas an teocht a shocrú ag 19 gcéim de réir mar is gá.

Ionaid Oiliúna

Is iad na trí Ionad Oiliúna, Ionad Oiliúna Thamhlachta, Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin agus Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, na hÚsáideoirí Suntasacha Fuinnimh ag BOOÁCDL. Ós rud é go n-éilíonn na cúrsaí a chuirtear ar fáil sna hionaid seo trealamh sonrath agus riachtanais speisialta, tá na foirgnimh ollmhór agus teastaíonn úsáid shuntasach fuinnimh uathu. Tá roinnt tionscadail thábhachtacha aitheanta ag foireann tógála BOOÁCDL do na hionaid seo a chreidimid a mbeidh tionchar mór acu ar astaíochtaí agus ar éifeachtúlacht fuinnimh na n-ionad.

Rinneadh Iníúchtaí Fuinnimh SI426 i ngach ionad oiliúna, inar sainaithníodh príomhréimsí le haghaidh uasghrádú agus deiseanna feabhsúcháin. Déantar amach leis na hiniúchtaí fuinnimh seo feidhmíocht agus úsáid reatha gach foirgnimh agus soláthraítear moltaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Ionad Oiliúna Thamhlachta

Tá BOOÁCDL i mbun idirchaidrimh faoi láthair le Codema, Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath atá tiomanta chun aistriú ísealcharbóin Bhaile Átha Cliath a threorú i dtreo 2030 agus 2050, chun imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí Ionad Oiliúna Thamhlachta a ionchorprú i Líonra Téimh Ceantair Thamhlachta. Meastar go bhfuil an nasc inmharthana, agus táthar ag súil go bhféadfaí Ionad Oiliúna Thamhlachta a áireamh sa chéad Phlean Forbartha Téimh Ceantair eile.

Is córas é téamh ceantair chun teas a dháileadh ó shuíomh láraithe trí líonra píopaí inslithe faoi thalamh chuig foirgnimh chun téamh spáis agus uisce a sholáthar. Déantar an úsáid a thomhas ansin ag gach foirgneamh. Is minic a ghintear foinse an teasa ó fhotháirge de chuid na dramhaíola a ghintear trí tháirgeadh fuinnimh theirmigh. In ionad an fuinneamh seo a chur amú, is féidir é a úsáid chun teas a ghiniúint sa chóras téimh ceantair. Ar an gcúis seo, is féidir breathnú ar théamh ceantair mar chóras téimh inbhuanaithe. Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar shuíomh gréasáin ÚFIÉ - <https://www.seai.ie/>.

Tá tús curtha le hoibreacha móra uasghrádaithe ag Ionad Oiliúna Thamhlachta, agus an tionscadal ag céim an deartha anois. I measc na bpríomhghnéithe atá le huasghrádú tá an córas soilsiú agus an córas téimh, agus clúdach dín le hinsliúcháin fheabhsaithe, a mbeidh tionchar dearfach acu ar fheidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh.

Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin

Tá pleananna ann chun an Córas Bainistíochta Foirgnimh (CBF) in Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin (IOBL) a nuashonrú, rud a fheabhsóidh monatóireacht ar na córais agus na seirbhísí teicniúla san fhoirgneamh, amhail aerchóiriú, aeráil agus soilsiú agus a dhéanfaidh iad a rialú.

Críochnaíodh móroibreacha aiseistithe inmheánacha le déanaí chun sé cheardlann printíseachta leictreora a uasghrádú agus a shuiteáil. Mar chuid de na hoibreacha seo, tá insliú inmheánach, soilse dín nua, soilsiú led uasghrádaithe, agus uasghráduithe AC aeraithe sna ceardlanna anois. Tá feabhas tagtha ar an timpeallacht sna ceardlanna agus ar fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh dá bharr. Tá súil ag BOOÁCDL an cur chuige seo a ghlacadh chun an chreatlach agus na seirbhísí a fheabhsú agus móroibreacha á ndéanamh acu feasta nuair is féidir.

Tá tionscadal mór nua tosaithe agus deartha faoi láthair chun suas le sé cheardlann phluiméireachta agus ceardlann ramhraitheora a shuiteáil in IOBL. Tabharfaidh an tionscadal seo úsáidí nua isteach i limistéar lárnach fairsing den fhoirgneamh rud a mhéadóidh úsáid an fhoirgnimh. Beidh beart éifeachtúlachta fuinnimh rithabhachtach don dearadh, insliú nua, soilsiú nua led, uasghrádú iomlán ar an gcóras téimh, agus doirse agus fuinneoga inslithe nua san áireamh.

Ionad Oiliúna Bhaile Dúill

Mar cheann de na foirgnimh is mó ag BOOÁCDL, tá Ionad Oiliúna Bhaile Dúill curtha ar an ngearrliosta do Chlár Treo-Aimsitheora ÚFIÉ. Comhoibríonn an clár seo le comhlachtaí poiblí chun a gcuid spriocanna aiseistithe a bhaint amach agus chun cabhrú le spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide trí fhéachaint ar phríomhghnéithe aiseistithe dhomhain. Táthar ag súil go roghnófar IO Bhaile Dúill don chlár seo agus go ndéanfar uasghrádú ar an bpríomhchreatlach agus ar eilimintí téimh.

Tá roinnt tionscadal críochnaithe le déanaí in Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, coire athsholáthair in 2024 san áireamh. Críochnaíodh athsholáthar caidéil agus céim a haon d'athsholáthar fuinneog críochnaithe in 2025. Tá sé beartaithe go ndéanfar céim a dó den athsholáthar fuinneog in 2026.

Anois is é dícharbónú fócas an fhoirgnimh seo, agus tá pleananna tosaithe ag BOOÁCDL chun imscrúdú a dhéanamh ar na hoibreacha seo agus pleanáil a dhéanamh dóibh sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma i gcomhar le SOLAS agus ÚFIÉ.

Iniúchtaí Fuinnimh

I gcomhréir le hoibleagáidí náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh, tá BOOÁCDL ag dul chun cinn i dtreo iniúchtaí fuinnimh S.I. 426 a chríochnú, chomh maith le measúnuithe RFF agus DFT, ar fud na 3 ionad BrOO uile atá faoi úinéireacht agus ar léas faoin 4ú ráithe de 2025. Tá iniúchtaí fuinnimh a críochnaíodh i mblianta roimhe seo do na hionaid BrOO eile comhtháite i bpleanáil dícharbónaithe atá ar siúl. Ag an am céanna, tá an Roinn Oideachais agus Óige ag forbairt Fhardal Fuinnimh na Scoileanna, agus suirbhé déanta ar gach scoil ag gairmí tógála a bhfuil taithí acu as úsáid a bhaint as uirlis thiomnaithe chun sonraí a bhailiú faoi limistéir foirgneamh, cineálacha creatlaí, soilsiú, téamh, agus córais uisce te tí. Cuirfidh an fhaisnéis ó na tionscnaimh seo bonn fianaise láidir ar fáil chun deiseanna éifeachtúlachta fuinnimh a aithint, treoir a thabhairt d'idirghabhálacha spriocdhírthe, comhlíonadh reachtúil a chinntiú, agus tacú le hiarrachtaí BOOÁCDL tomhaltas fuinnimh a laghdú, astaíochtaí carbóin a ísliú, agus cuspóirí náisiúnta gníomhaithe ar son na haeráide a chomhlíonadh.

Aisfheistithe

Cé go mbeidh tionchar suntasach ag díriú ar na trí fhoirgneamh is mó úsáid fuinnimh agus ag cur tionscadail dícharbónaithe agus fuinnimh i bhfeidhm faoi láthair ar an mbearna go sprioc is againne, beidh ar BOOÁCDL aghaidh a thabhairt ar líon breise foirgneamh ardúsáide fuinnimh fós. Tá drochfheidhmíocht ag baint le hiar-bhunscoileanna móra a tógadh sna 1980idí faoi láthair. Trí aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht theirmeach roinnt de na scoileanna seo trí thionscadail aisfheistithe agus trí dheireadh a chur le húsáid breosla iontaise, beidh BOOÁCDL in ann spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide 2030 a chomhlíonadh.

Caithfidh gach saothar fuinnimh a bheith ullmhaithe don todhchaí chun acmhainní in-athnuaite a chur san áireamh chun obair dhúblach nó obair gan toradh a sheachaint. Beidh comhoibriú ag teastáil ó ghníomhaireachtaí urraíochta, SOLAS, RBAS agus ROO chuige seo. I gcás nach bhfuil infheistíocht mhór chaipitil ar fáil le haghaidh aisfheistiú mór foirgnimh, tá sé beartaithe ag BOOÁCDL cur chuige 'creatlach ar dtús' a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas feabhsuithe fuinnimh a dhéanamh de réir céime agus uasghráduithe móra a ullmhú don todhchaí nuair a bheidh caipiteal agus acmhainní ar fáil. I measc na bpríomhréimsí atá le breithniú tá gloiniú, uasghráduithe díonta agus insliú ballaí seachtracha. Beidh tionchar mór ag feabhsú chreatlach an fhoirgnimh ar an bhfeidhmíocht theirmeach agus feabhsóidh sé éifeachtúlacht fuinnimh agus déanfaidh sé uasghráduithe seirbhísí amach anseo níos rathúla.

I measc cuid de na tionscadail a críochnaíodh i mbliana a d'fheabhsaigh feidhmíocht an fhoirgnimh tá uasghráduithe ar an gcóras téimh i Leamhcán, uasghráduithe aerchóirithe sa Cheannoifig agus oibreacha uasghrádaithe fuinneoga ar Bhóthar Sydenham, Dún Droma. Leanfaidh BOOÁCDL de thionscadail fuinnimh a chur i bhfeidhm agus tá sé beartaithe acu dul chun cinn a dhéanamh ar mhíreanna a sainithníodh ar chlár na ndeiseanna sa chéad tráinse d'iniúchtaí fuinnimh a críochnaíodh i mbliana.

Tionscadail Dícharbónaithe

Tá SOLAS, i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ), ag forbairt creat straitéiseach chun dícharbónú Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, ceann de na háiseanna is mó agus is déine ó thaobh fuinnimh de ag BOOÁCDL, a chur chun cinn. Tá an tionscnamh seo mar chuid de ghealltanas BOOÁCDL faoin gConair Dhícharbónaithe san Earnáil Phoiblí agus faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025. Glacfaidh an tionscadal cur chuige céimnithe aisfheistithe dhomhain a shínfidh go dtí 2030, ina dtabharfar aghaidh ar phríomhréimsí amhail uasghráduithe ar chreatlach foirgneamh, comhtháthú fuinnimh in-athnuaite, agus córais bainistíochta fuinnimh. Mar thionscnamh ceannródaíoch, cuirfidh sé go mór le spriocanna náisiúnta a bhaint amach maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa roimh 2030 agus léireoidh sé ceannaireacht BOOÁCDL maidir le bonneagar oideachais agus oiliúna inbhuanaithe. Feidhmeoidh an tionscadal seo mar chás tástála maidir le hoibreacha a mheasúnú agus a phleanáil i gcás úsáideoir suntasach fuinnimh agus beidh na ceachtanna a fhoghlaimfeofar tairbheach agus creat á chur i bhfeidhm do thionscadail dícharbónaithe ar fud an eastáit.

Ina theannta sin, tá BOOÁCDL ag pleanáil tionscadail aiseistithe dhomhain agus dícharbónaithe ag Ionad Oideachais Aosach Chluain Dolcáin, Ógtheagmháil an Rois agus Ionad Seirbhíse Oideachais Aosach Bhóthar Sydenham, Dhún Droma, agus tá siad seo sna céimeanna luatha pleanála i gcomhar le SOLAS. Cuirfidh na tionscadail seo tuilleadh le spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide agus inbhuanaitheachta BOOÁCDL a bhaint amach.

Rialuithe Uathoibríthe Foirgnimh

Tá staidéar féidearthachta ar siúl faoi láthair i 10 n-ionad BOOÁCDL atá aitheanta mar thomhaltóirí arda fuinnimh chun measúnú a dhéanamh ar an gcumas Córais Uathoibríthe agus Rialaithe Foirgneamh (CURF) a shuiteáil. Tá an próiseas seo á chur chun cinn chun a chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí a leagtar amach faoi I.R. Uimh. 393/2021 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2021, a cheanglaíonn ar fhoirgnimh mhóra neamhchónaithe a bhfuil éileamh suntasach fuinnimh orthu a bheith feistithe le hardchórais mhonatóireachta agus rialaithe. A bhfuil le comhtháthú CURF, beidh BOOÁCDL in ann monatóireacht agus anailís leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh agus iad a bharrfheabhsú go leanúnach, rud a laghdóidh tomhaltas, a ísleoidh costais oibriúcháin agus a fheabhsóidh compord áitritheoirí. Go straitéiseach, neartóidh an tionscnamh seo cumas BOOÁCDL sonraí fuinnimh a bhainistiú, tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, agus dul chun cinn a luathú i dtreo spriocanna dícharbónaithe eagraíochtúla agus gníomhaithe aeráide náisiúnta.

Fuinneamh In-athnuaite

De réir an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá BOOÁCDL tiomanta d'acmhainní neamh-inathnuaite a laghdú. Tá líon na bhfoghlaimoirí in BOOÁCDL ag méadú agus tá ár stoc foirgneamh ag méadú le foirgnimh nuathógtha, aonaid mhodúlacha agus síntí. Ní bheidh ach foinsí fuinnimh in-athnuaite mar chuid de gach tógáil nua, síneadh agus aiseistiú mór. Beidh siad seo i bhfoirm caidéal teasa den chuid is mó. Déanfar staidéir indéantachta ar roghanna malartacha amhail bithmhais, téamh ceantair agus geoiteirmeach i gcás inarb iomchuí. Ní shuiteálfadh BOOÁCDL córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise tar éis 2024, mura bhfuil feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na heisceachtaí seo a leanas:

- Ní úsáidtear breoslaí iontaise ach trí úsáid leictreachais ón eangach.
- Níl aon rogha eile neamh-iontaise ann atá inmharthana go teicniúil.
- Mhéadóidh suiteáil córais téimh spáis in-athnuaite astaíochtaí CO2 deiridh.
- Cuirtear an úsáid breosla iontaise ar fáil chun críoche cultaca, buaicphointí, nó chun críoche oibríochtúla (agus is ionann é agus níos lú ná 10% den fhuinneamh téimh bliantúil)

I gcás ina bhfuil gá le hathsholáthar díreach ar théamh breosla iontaise atá ann cheana féin chun críche cothabhála éigeandála (PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE 2023).

Bithmhais

Tá trí cinn de na hiar-bhunscoileanna is mó a ídíonn fuinneamh de chuid BOOÁCDL curtha san áireamh i gClár Dícharbónaithe na Roinne Oideachais agus Óige. Mar chuid den tionscnamh seo, tá sé sceidealaithe go n-aistreofar na scoileanna seo chuig córais téimh bithmhaise, a chuirfear in ionad an bhonneagair breosla iontaise atá ann cheana féin. Tugann an infheistíocht seo aghaidh go díreach ar chuid shuntasach d'éileamh foriomlán fuinnimh an BOO, agus ag an am céanna tá sí ag teacht le gealltanais beartais náisiúnta maidir le glacadh le fuinneamh in-athnuaite agus laghdú gás ceaptha teasa. Is céim ríthábhachtach í rannpháirtíocht sa chlár maidir le cur chun cinn cuspóirí gníomhaithe ar son na haeráide BOOÁCDL agus léiríonn sé cur chuige córasach maidir le heastát na heagraíochta a dhícharbónú.

FV Gréine

Tá 32 scoil BOOÁCDL curtha san áireamh i gClár FV Gréine na Roinne Oideachais agus Óige. Leis an tionscnamh seo, suiteálfar painéil fhótavoltacha ar fud eastát na scoile, rud a chuirfidh ar ár gcumas leictreachas in-athnuaite a ghiniúint ar an láthair agus a laghdóidh an spleáchas ar fhuinneamh a sholáthraítear ón eangach. Tacaíonn an clár go díreach le haistriú BOOÁCDL chuig oibríochtaí ísealcharbóin trí chostais leictreachais a íslíú, athléimneacht fuinnimh a fheabhsú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Is cloch mhíle shuntasach í rannpháirtíocht sa tionscnamh náisiúnta seo i ndícharbónú córasach phunann scoileanna na heagraíochta agus tá sé ailínithe le spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide earnála agus náisiúnta araon.

Méadair Chliste

Tá clár cuimsitheach méadraithe chliste tosaithe ag BOOÁCDL agus dírithe sa chéad chéim den chur i bhfeidhm ar an earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BrOO), agus tá an soláthar agus an tsuiteáil sceidealaithe do thús 2026.

I ndiaidh na méadair chliste a leathnú amach, beidh bonneagar cuimsitheach monatóireachta fuinnimh fíor-ama bunaithe ag BOOÁCDL ar fud a eastáit BrOO. Leis seo, beifear in ann:

- Tomhaltas fuinnimh ar fud gach áis BrOO a rianú go cruinn, tráthúil agus ar bhealach láraithe.
- Cinntí atá bunaithe ar shonraí chun eolas a chur ar fáil do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus do thionscnaimh inbhuanaitheachta.
- Cumas feabhsaithe chun neamhéifeachtúlachtaí a aithint, úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú, agus costais oibríochtúla a laghdú.
- Ailíniú le cuspóirí gníomhaithe aeráide náisiúnta agus eagraíochtúla, lena dtacófar le hinbhuanaitheacht chomhshaoil fhadtéarmach.

Scéim Oibreacha Samhraidh Gníomhaithe ar son na hAeráide (SOSGA)

Tá BOOÁCDL tar éis páirt a ghlacadh in éineacht le 31 scoil faoi Scéim Oibreacha Samhraidh Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025/2026 ROO. Tacaíonn an tionscnamh seo le feabhsú chreatlacha na bhfoirgneamh agus feabhsú na dtimpeallachtaí seachtracha, agus tá sé sceidealaithe go ndéanfar na hoibreacha i rith an tsamhraidh chun an cur isteach ar oibríochtaí scoile a íoslaghdú. Tá tús áite tugtha ag BOOÁCDL do thionscadail a léiríonn fócas láidir ar ghníomhú ar son na haeráide, suiteáil soilsíúcháin LED atá tíosach ar fhuinneamh, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, agus uasghráduithe ar dhíonta atá dírithe ar fheidhmíocht fhoriomlán fuinnimh agus ar thorthaí inbhuanaitheachta a fheabhsú san áireamh.

Ciste Glas Cineachta um Breisoideachas agus Oiliúint

Sa bhliain 2024, fuair BOOÁCDL maoiniú glas cineachta ó SOLAS chun go mbeimid in ann tionscadail ghlasa a chur i gcrích chun cabhrú le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe BOOÁCDL a bhaint amach in Eastát BrOO. Is ciste ríthábhachtach, atrátha 3 bliana é an ciste seo, agus chuir sé ar chumas BOOÁCDL ár dtreochlár a chur i bhfeidhm trí thionscadail bailiúcháin sonraí agus iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh rud a chuireann ar chumas BOOÁCDL tionscadail gníomhaithe ar son na haeráide a phleanáil agus a chur i gcrích. Críochnófar go leor tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónaithe thar na 3 bliana atá romhainn leis an maoiniú seo.

Coláiste na Todhchaí

Tá BOOÁCDL ag forbairt Cás Gnó Réamhchéime do Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna nua i bhFine Gall. Díríonn an togra seo don choláiste nua BrOO ar Shord, áit a bhfuil fás suntasach daonra tagtha ach nach bhfuil dóthain infheistíochta caipitil i mbonneagar BrOO ann, rud a fhágann easnamh suntasach sa soláthar. Chun aghaidh a thabhairt air seo, molann BOOÁCDL Coláiste BrOO a thógáil i Sord, rud a chuirfidh ar a chumas 7,000 tairbhí breise in aghaidh na bliana a fháil nuair a bheidh sé críochnaithe. Leagann an cás gnó béim ar thiomantas don nuálaíocht, don cháilíocht agus don inoiriúnaitheacht, agus samhlaítear Foirgneamh Neodrach ó thaobh Fuinnimh (FNF) atá ailínithe le caighdeán chomhshaoil. Dearbhaíonn BOOÁCDL go bhfuil an Coláiste BrOO atá beartaithe ailínithe go straitéiseach le spriocanna eagraíochtúla, leis an straitéis náisiúnta BrOO, agus le pleananna ábhartha maidir le forbairt inbhuanaithe agus fás eacnamaíoch. Tá Coláiste BrOO i Sord, i riocht láidir freisin chun a bheith ina acmhainn phobail thábhachtach, ina gcuirfear áiseanna sochaíocha agus cultúrtha ar fáil, a mhéadóidh líon na ndaoine a thagann chuig gnólachtaí áitiúla, agus a laghdóidh an gá atá le taisteal chuig agus ón gcathair. Tá sé mar aidhm ag an gColáiste BrOO atá beartaithe soláthar i Sord a chomhdhlúthú, seirbhísí atá ann cheana a chomhtháthú, agus roghanna a leathnú chun tacú le hiomaíochas aonair agus réigiúnach i gcomhar le fiontair ghnó agus tionscail. Beidh sé mar thosaíocht soláthar BrOO a leathnú i gColáiste BrOO nua, atá oiriúnach dá fheidhm agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, i Sord, i suíomh lárnach agus infheicthe go mór a ardóidh seasamh BrOO.

Tá Éire anois ar chonair atá ceangailteach ó thaobh dlí de i dtreo astaíochtaí glan-nialasacha tráth nach déanaí ná 2050 agus laghdú 51% ar astaíochtaí faoi dheireadh na ndeich mbliana seo. Beidh foirgneamh Choláiste BrOO i Sord ina champas glas atá pleanáilte agus deartha go cúramach agus a chomhlíonfaidh na caighdeáin chomhshaoil d'fhoirgnimh nua mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Comhlíonfaidh an foirgneamh nua spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide 2050 agus beidh air a bheith ina fhoirgneamh gan aon astaíochtaí. Déanfar tuairisciú ar na hastaíochtaí uile faoin gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe i gcomhréir le Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide BOOÁCDL

Trí dhearadh uailmhianach, is féidir le Coláiste BrOO i Sord a bheith ina tháirgeoir fuinnimh seachas ina thomhaltóir fuinnimh. Le roinnt coincheap, ar nós painéil fhótavoltacha agus teicneolaíocht caidéil teasa, cuirfear ar chumas an fhoirgnimh fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus b'fhéidir fuinneamh a chur leis an ngréille náisiúnta. Tá tús curtha ag BOOÁCDL le comhoibriú le Comhairleoirí Fuinnimh chun fuinneamh agus inbhuanaitheacht a ionchorprú ón tús.

Le Modhanna Nua-Aimseartha Tógála, d'fhéadfaí Coláiste BrOO i Sord a thógáil níos tapúla, ar bhealach níos inbhuanaithe agus de réir caighdeán níos airde dearaidh, monaraíochta, tástála agus deimhniúcháin, trí úsáid a bhaint as modhanna amhail déantúsaíocht lasmuigh den láthair agus tógáil mhodúlach. Mar thoradh ar na modhanna seo, laghdaítear an carbón corpraithe a bhíonn i gceist i dtógáil an fhoirgnimh mar gheall ar laghdú ar astaíochtaí le linn scafall a iompar etc., eastóscadh agus monarú ábhar, chomh maith le hullmhú an tsuímh agus aon scartáil is gá.

Beidh ról lárnach ag Coláiste BrOO i Sord maidir le feasacht a mhúscailt i bhFine Gall faoi na saincheisteanna a eascraíonn as an athrú aeráide agus foghlaimeoirí a spreagadh chun aon ghníomhartha is féidir a dhéanamh chun a lorg éiceolaíoch a fheabhsú. Beidh an fócas ar Scileanna Glasa don saol, don phobal agus do shaol na hoibre amach anseo. Dearfar an foirgneamh chun feidhmiú mar uirlis foghlama d'fhoirgnimh nialasacha fuinnimh agus do chúrsaí scileanna glasa. I measc roinnt smaointe tá seirbhísí a nochtadh agus a chódú le dathanna chun a thaispeáint conas a shuiteáiltear agus a úsáidtear iad i bhfoirgneamh, limistéir féachana a chruthú i seomraí plandaí, agus fuinneamh in-athnuaite a thaispeáint ar an gcampas.

Conclúid

Leagtar amach i dTreochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide BOOÁCDL na pleananna chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus réitigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an athrú aeráide ar fud na heagraíochta. Tá BOOÁCDL tiomanta d'oideachas a chur ar fhoireann agus ar fhoghlaimeoirí maidir lenár bhfreagrachtaí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht agus treoir a sholáthar maidir le conas na spriocanna riachtanacha do 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tríd an Treochlár seo a leanúint, táthar ag súil go mbeidh BOOÁCDL in ann na spriocanna seo a bhaint amach.

Ár Spriocanna

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% roimh 2030.
- An feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go 50% roimh 2030.
- An Treochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú go bliantúil laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Ár nDaoine, Scoileanna, agus Ionaid

- Foirne Glasa a bhunú agus acmhainní a sholáthar, ag tuairisciú don ardbhainistíocht, chun bheith ina spreagthóirí comhtháite inbhuanaitheachta in BOOÁC DL.
- Ball den Bhord Bainistíochta a ainmniú mar Sheaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta a bheidh freagrach as an Sainordú a chur i bhfeidhm agus tuairisciú a dhéanamh air.
- Oiliúint chuí ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht (teicniúil agus iompraíochta), lena n-áirítear soláthar poiblí glas, a chur san áireamh i straitéisí foghlama agus forbartha do bhaill foirne.
- Cinntigh go gcríochnóidh an ardbhainistíocht go léir cúrsa oiliúna ceannaireachta ar ghníomhú ar son na haeráide.
- Ceardlanna foirne a eagrú (ar a laghad uair sa bhliain) chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna aeráide, fócas ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú san áireamh.
- Inbhuanaitheacht a áireamh agus a chur chun cinn nuair is féidir mar chuid de cheannaireacht na heagraíochta, na scoile agus an ionaid.
- Tionscnaimh amhail Clár na Brataí Glaise a chur chun cinn.
- Aitheantas a thabhairt do dhaoine óga mar rannpháirtithe lárnacha inár dtodhchaí inbhuanaithe, chun a chinntiú go gcuirtear san áireamh iad ar bhealach fiúntach ó thaobh beartais agus cláir a dhearadh, a sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Deiseanna a sholáthar faoi Ghníomh 4.1.a den Chinneadh um Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI 2030) trí phróisis rannpháirtíochta mac léin chun guth a bheith acu, an bratchomhlacht náisiúnta do chomhairlí scoláirí dara leibhéal in Éirinn, Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ASDLÉ) san áireamh. Ar leibhéal na scoile, a chinntiú go bhfuil deis iomlán ann guth na ndaltaí a chur san áireamh trí chomhairlí daltaí in iar-bhunscoileanna agus bunscoileanna araon.
- Dul i mbun oibre tríd an gClár Fuinnimh san Oideachas chun rochtain a fháil ar na deiseanna comhairle agus meantóireachta atá forbartha ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ) agus ag an Roinn Oideachais. Cabhróidh sé seo le rannpháirtíocht chuí i ghníomhú ar son na haeráide a chothú maidir le saincheisteanna aeráide agus leis an gcumas lorg carbóin na scoile a laghdú.

Ár Modh Oibre

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a thuairisciú sa tuarascáil bhliantúil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phróisis pháipéarbhunaithe agus meastóireacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le digitíú ionas go mbeidh sé mar an cur chuige réamhshocraithe.
- Creidiúnú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach do chomhlachtaí móra san earnáil phoiblí, amhail ISO 50001 (Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh) nó ISO 14001 (Córas Bainistíochta Comhshaoil), d'fhonn dul níos faide ná ISO14001 agus EMAS (Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil) a ghlacadh.
- Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm i ndáil le:
 - Soláthar Poiblí Glas
 - Foirgníocht
 - Bia Orgánach
 - Dramhaíl Bhia
 - Trealamh TFC
 - Páipéar
 - Uisce
 - Úsáid aon uaire
 - Ábhair Eile


Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí

- Foirgnimh atá oiriúnach do rothair a chruthú d'fhostaithe agus do chuariteoirí, trí pháirceáil rothair a chur i bhfeidhm – atá slán, inrochtana agus simplí do rothaithe a aithint agus a úsáid.
- Deimhniú Fuinnimh Taispeána cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh BOOÁCDL atá oscailte don phobal chun úsáid fuinnimh a thaispeáint go soiléir.
- Plean Stoic Foirgneamh BOOÁCDL a nuashonrú go rialta.
- Ní shuiteálfaidh BOOÁCDL córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise tar éis 2023, mura bhfuil feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na heisceachtaí seo a leanas:
 - ní úsáidtear breoslaí iontaise ach trí úsáid leictreachais ón eangach.
 - níl aon rogha eile neamh-iontaise atá inmharthana go teicniúil ann (ní bhaineann sé seo ach le feidhmeanna chun críche seachas téamh spáis de ghnáth).
 - mhéadódh suiteáil córais téimh spáis in-athnuaite astaíochtaí deiridh CO₂.
 - cuirtear an úsáid breosla iontaise ar fáil chun críocha cúltaca, buaicphointí, nó chun críocha oibríochtúla (agus is ionann é agus níos lú ná 10% den fhuinneamh téimh bliantúil)
 - i gcás ina bhfuil gá le hathsholáthar díreach ar théamh breosla iontaise atá ann cheana féin chun críche cothabhála éigeandála.

- Leanfaidh BOOÁCDL de bheith ag cur chun cinn agus ag éascú teagaisc agus foghlama san Oideachas um Fhorbairt Inbhuanaithe de réir mar is iomchuí trí:
 - Feasacht a mhúscailt agus forbairt inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a chur chun cinn, lena n-áirítear Sprioc 13 - téamaí Gníomhaithe ar son na hAeráide tríd an raon ábhar curaclaim.
 - Páirt a ghlacadh i gcláir agus i ngníomhaíochtaí Oideachais um Fhorbairt Inbhuanaithe, mar shampla, ECO EOECNA, World Wise Global Schools, clár Take 1 etc.
 - Ag machnamh, nuair is féidir, ar an gcaoi a bhféadfaí gnéithe de na 17 SFI a chomhtháthú i saol na scoile, mar shampla, dramhaíl bhia, bithéagsúlacht, tomhaltas uisce, athchúrsáil, athúsáid, siúl agus rotháocht etc.
 - Leanúint de bheith páirteach i gcláir atá ar fáil amhail na Scoileanna Glasa a chuireann tionscnamh an-phraiticiúil ar fáil chun clár oibre gníomhaithe ar son na haeráide a ardú.
 - Liostáil le Nuachtlitir OFI: <https://www.gov.ie/en/collection/a1d6e-educationfor-sustainable-development-newsletter>
 - An ceanglas reachtúil maidir le Monatóireacht agus Tuairisciú bliantúil fuinnimh atá faoi réir an ÚFIÉ do gach scoil agus ionad a chomhlíonadh.
- Ráiteas Beartais Inbhuanaitheachta a ghlacadh.
- Soláthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm.
- Breithniú a dhéanamh ar an gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus é mar aidhm aige tacú le siúl, scútáil agus rotháocht chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus bealaí siúil agus rotháochta níos sábháilte a chruthú laistigh de phobail. <https://www.nationaltransport.ie/safe-routes-to-school-srts-programme/>.

Aguisín B. Éifeachtúlacht Fuinnimh go dtí 2050 Bearna go Sprioc Réamh-mheasta

Éifeachtúlacht fuinnimh go dtí 2050 | Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire



Saothair Luaithe

2023. *PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE 2023*. Rialtas na hÉireann.
2025. *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025*. Rialtas na hÉireann.
2020. *Ráiteas Straitéise BOOÁCDL 2020-2026*. Doiciméad Straitéise, Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. 2021. *Rialacháin maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh 2021 Treoir Theicniúil (Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh Airteagail 8(3), 14(4) agus 15)(4)*. Rochtain déanta 16 Samhain, 2023. <https://www.gov.ie/en/publication/83fdc-energy-performance-of-buildings-regulations-2021-technical-guidance/>.
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. 2022. *Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide*. Sainordú na hEarnála Poiblí, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. 2021. *Soláthar Poiblí Glas. Treoir don Earnáil Phoiblí*. Doiciméad Treorach, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. <https://www.epa.ie/publications/circular-economy/resources/GPP-Guidance-for-the-Irish-Public-Sector.pdf>.
2023. *Straitéis na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 - 2025*. Doiciméad Straitéise Poiblí, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Rialtas na hÉireann, 30. Rochtain déanta i mí Dheireadh Fómhair 2023 2023. [file:///C:/Users/claireosullivan/Downloads/255652_721b0c02-ab0d-4c6d-8bfc-14f9cc5085c4%20\(1\).pdf](file:///C:/Users/claireosullivan/Downloads/255652_721b0c02-ab0d-4c6d-8bfc-14f9cc5085c4%20(1).pdf).
2023. *Treochlár Teicniúil na hEarnála Scoile don Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 go 2030. An tAistriú go Neodracht Carbóin a dhéanamh inár Scoileanna*. Roinn Oideachais.
- ÚFIÉ. 2024-2025. *Córais bainistíochta fuinnimh ÚFIÉ agus ISO 50001*. Rochtain déanta 25 Meán Fómhair, 2025. <https://www.seai.ie/plan-your-energy-journey/for-your-business/standards/energy-management-systems-and-iso-50001>.
- . 2023. *SEAI.ie*. Rochtain déanta 4 Nollaig, 2023. <https://www.seai.ie/business-and-public-sector/energy-auditing/>.